# An Caoṁnóir

Nuachtlitir Fhondúireacht an Bhlascaoid 2018 Uimh. 39 5.00



Peig Sayers
Comóradh 60 Bliain a Bháis
8 Nollaig 1958

## Focal ón gCathaoirleach

Ó 1985, bliain a bunaithe, tá an Fhondúireacht ag treabhadh léi ag iarraidh a haidhmeanna a thabhairt chun críche go foirfe.

Dea-scéala dúinn go léir go bhfuil gabháltas eile ar an mBlascaod i seilbh an Stáit anois agus go bhfuil sé i gceist infheistíocht bhreise a dhéanamh sa taispeántas atá san Ionad. Is iontach go bhfuil na treoraithe san Oileán i gcaitheamh an tsamhraidh agus go bhfuil obair dheisiúcháin ar dhá thigh san oileán tabhartha chun críche. Bhí géarghá le hionad buan leis na háiseanna cuí a bheith ar fáil dos na treoraithe. Tá gá i gcónaí le hinfheistíocht cheart a dhéanamh sna céanna agus ar ndóigh leanúint le sealúchais a cheannach agus a athchóiriú ar an mBlascaod de réir mar a thagann siad ar an margadh. Ar ndóigh, is é an sprioc atá againn go léir ná Páirc Náisiúnta Stairiúil agus Stádas Oidhreachta Domhanda a bhaint amach don Oileán.

Uair amháin eile tréaslaímid ó chroí le Coiste an Cheiliúrtha – comhfhiontar idir sinn féin, Ionad an Bhlascaoid agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Bhí ard-deireadh seachtaine againn i mbliana ag cíoradh “Piaras Feiritéar c.1600-1653 Beatha agus Saothar” agus níl amhras ná gur bhain an slua mór a d’fhreastail air idir thairbhe agus thaitneamh as. Cheana féin, táthar ag prapáil do Cheiliúradh 2019 agus súil ag an gCoiste go mbeidh cad é tacaíocht acu ón bpobal chuige sin.

Tá an-áthas orainn go bhfuil Bainisteoir ceaptha arís ar an Ionad. Guímid gach rath ar Lorcán Ó Cinnéide sa phost seo. Deinimid comhbhrón le clann Uí Chinnéide faoi bhás a máthar Edna le déanaí. Duine de bhunaitheoirí na Fondúireachta í Edna nár spáráil í féin riamh ag cur aidhmeanna na heagraíochta chun cinn. Bhí sí ar Choiste an Cheiliúrtha, ina heagarthóir ar an gCaomhnóir, agus ina sár-bhailitheoir d’iarsmaí ón Oileán. Suaimhneas síoraí dá hanam uasal.

Ba dheas linn an deis a thógaint, freisin, chun buíochas a ghabháil le clann agus cairde an Dr. Mhicíl Uí Chearna nach maireann, as a bhflaithiúlacht leanúnach ag cur Sparánacht an Bhlascaoid ar fáil dár n-ógánaigh. Comhghairdeas le Siobhán Ní Neachtain ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne gur bronnadh 1000 euro uirthi i mbliana. Buíochas leo siúd go léir a chabhraíonn leis an gCeiliúradh nó leis an gCaomhnóir in aon tslí. Buíochas ó chroí freisin le Doncha Ó Conchúir agus le foireann an Ionaid as ucht a ndúthrachta agus a gcomhoibrithe.

“Go mbeirimid go léir beo ag an am seo arís”.



Lís Ní Lúing-Uí Chonchúir ag leagadh Bhláthfhleasca ar uaigh a sin-seanaintín, Peig, i reilg Dhún Chaoin ag Comóradh 60 Bliain a báis, 8 Nollaig 2018. Féach lch thall. Pic. Mícheál de Mórdha

**An Caomhnóir © 2019**
Foilsithe ag Fondúireacht an Bhlascaoid le tacaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí.

**Seoladh Teagmhála**
Fondúireacht an Bhlascaoid
f.ch. Ionad an Bhlascaoid,
Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

**In eagar ag**
Bernie Firtéar agus Máire Uí Ainín.
Clóchur ⁊ Dearadh: Inné, Dún Chaoin.
Clódóirí: KC Print, Cill Áirne

**Pictiúir**
Tá pictiúr an chlúdaigh foilsithe le chaoinchead ó dúchas.ie agus ó Cnuasach Bhéaloideas Éireann
dúchas.ie
Mícheál de Mórdha, Lorcán Ó Cuinneagáin, Bernie Firtéar, Seán Ó Mainín (tuairisc.ie), Robert Brummett.

**SAN EAGRÁN SEO**


| | |
|---|---|
| Ceiliúradh an Bhlascaoid 2018 | 3 |
| Léirmheas ar dráma an Cheiliúrtha | 6 |
| Bainisteoir nua san Ionad | 8 |
| Mná an Bhlascaoid 1976 | 9 |
| I gcuimhne ar Danny Mac an tSíthigh | 10 |
| Edna Ní Chinnéide R.I.P | 11 |
| Comóradh Pheig Sayers | 12 |
| Lig Dom Mo Chuid a Dhéanamh | 13 |
| Taispeántas pictiúr Julie Beckett | 15 |
| Dánta: Fiacra Ó Muircheartaigh | 16 |
| Ballraíocht na Fondúireachta | 18 |
| Imeachtaí san Ionad 2018 | 19 |


**Coiste Fhondúireacht an Bhlascaoid**
Pádraig Firtéar (Cathaoirleach)
Lorcán Ó Cinnéide (Rúnaí)
Máire Uí Ainín (Cisteoir)
Mícheál Ó Cinnéide, Bernie Firtéar, Gearóid Ó Cinnéide, Máirín Ní Bhroin
Frances Uí Chinnéide
Máirín Ní Laoithe-Uí Shé

**Coiste Cheiliúradh an Bhlascaoid**
An Dr Tomás L. Ó Murchú (Cathaoirleach)
Máirín Ní Laoithe-Uí Shé (Leas-Chathaoirleach)
Máire Uí Ainín (Rúnaí)
Bernie Firtéar (Cisteoir)
Máirín Ní Bhroin, Doncha Ó Conchúir, Máire Ní Scannláin (OCD).

# "Piaras Feiritéar – Beatha agus Saothar" Ceiliúradh an Bhlascaoid 2018



Lorcán Ó Cinnéide

Is iontach an rud é máistrí ar a n-ábhar a fheiscint is a chlos i mbun a gcúram, agus is amhlaidh a bhí do lucht tinrimh Cheiliúradh an Bhlascaoid na bliana seo, a bhí dírithe ar Phiaras Feiritéar (c1600 – 1653, file, Taoiseach agus reibiliúnaí Chorca Dhuibhne lena linn. D'ullmhaigh an coiste eagraithe clár thar a bheith suimiúil, ina raibh cainteanna den scoth i dteannta le léiriú drámatúil, siúlóid agus seoltaí leabhar.

Is é an Dr. Liam P. Ó Murchú a chuir tús leis an gCeiliúradh le haitheasc thar a bheith speisiúil faoi "An Caoineadh Liteartha mar a chleacht Piaras é", léacht eolasach, tuisceanach as a raibh mórán le foghlaim, curtha i láthair go sárchumasach. Dála an scéil, ba ghné taitneamach eile gurb é



Na Dochtúirí Tomás L. agus Liam P. Ó Murchú

Cathaoirleach an Cheiliúrtha, an Dr. Tomás L. Ó Murchú a chuir an aoíchainteoir – a athair - i láthair. Ní ón talamh a sciob sé é, is dealramh!

Bhí searmanas bronnta Sparánacht an Bhlascoid ar siúl mar chuid don




Siobhán Ní Neachtain

Cheiliúradh, mar atá déanta gach bliain ó bunaíodh an scéim áirithe sin, agus is í Siobhán Ní Neachtain ón Daingean a thuill an gradam i mbliana.



Jerry Hayes




Bhí cliamhain an Dr. Mhicíl Uí Chearna, Gerald (Jerry) Hayes, i láthair chun an seic a bhronnadh.

Ní hé sin an t-aon chúram a bhí ar Jerry Hayes le linn na deireadh seachtaine áfach, mar bhí seoladh dá leabhar nuafhoilsithe ag Collins Press "The Blasket Islandman – The Life and Legacy of Tomás Ó Criomhthain" seolta ag Micheál Ó Cinnéide an lá dár gcionn. Thug an tUasal Hayes léacht mar gheall ar shaol an Chriomthainigh le linn na hócáide sin, an saothar is déanaí curtha le leabharlann an Bhlascaoid. Leabhar eile a chuirfidh leis an leabharlann ná "Ceiliúradh an Bhlascaoid 22 – Leigheas na Muintire agus Sláinte an Phobail", curtha in eagar go slachtmhar ag Tomás L. Ó Murchú agus foilsithe ag Coiscéim, a seoladh i gcaitheamh na deireadh seachtaine chomh maith – taifead ar Cheiliúradh na bliana roimhe.



Pádraig Ó Niallagáin

Bhí clár iontach eile cainteanna faoí Phiaras Feiritéar ar Shatharn an Cheiliúrtha, cainteanna a líon amach ár dtuiscint ar an bhfear, a shaol, a shaothar agus comthéacs stairiúil agus ceoil a linne.

An chéad cheann acu seo ná léacht Phádraig Uí Niallagáin ar "An Saol mar a bhí in aimsir Phiarais". Bhí léacht Uí Niallagáin ar chomhchéim lena chuid saothair stairiúil ar fad.

Fuaireamar radharc eile ar an bhFeiritéarach sa chaint iontach a thug an Dr. Eadaoin Ní Mhuircheartaigh ar "Léiriú an Bhéaloidis ar Phiaras Feiritéar", a thug chun cuimhne dúinn ar chomh láidir is atá uacht Phiarais i gcuimhne agus i scéalta na ndaoine anuas na céadta bliain.



An Dr. Eadaoin Ní Mhuircheartaigh

An tríú caint i sraith seo an tSathairn ná "Comhthéacs an Cheoil in aimisir Phiarais" leis an Dr. Tríona Ní Shíocháin, a thug léiriú breise ar Phiaras, os rud é go bhfuil sé luaite le ceol, agus ar ról agus tábhacht an cheoil i gcultúr agus sochaí na linne.



An Dr Tríona Ní Shíocháin

Cuireadh léiriú den saothar drámatúil le gluaiseacht agus ceol faoi odhreacht Phiarais Feiritéar mar fhile agus mar chláirseoir dár teideal "Téada, Rópaí aguis Slabhraí" ar siúl ar maidin Domhnaigh an Cheiliúrtha

(féach thíos) – féasta ilghnéitheach, samhailteach fuaime agus radhairc ar baineadh sár-thaitneamh ar fad as, sular chuir Cathaoirleach na Fondúireachta, Pádraig Firtéar, clabhsúr le himeachtaí in Ionad an Bhlascaoid.

Níorbh é sin deireadh an Cheiliúrtha áfach, mar bhí siúlóid iontach san iar-nóin, treoraithe ag fear áitiúil Micheál Ó Mainín ar na láithreacha a bhain le Piaras Feiritéar.



Micheal Ó Mainín ag treorú na siúlóide

Ócáid thabhachtach chultúrtha agus staire ab ea an Ceiliúradh, ag díriú ar an bhFeiritéarach, pearsa mór i stair leithinis Chorca Dhuibhne, pearsa beo sa bhéaloideas agus sa traidisiún ceoil – agus níos beo arís de thairbhe an Cheiliúrtha.

Tá ardmholadh tuilte ag an gCoiste Eagraithe a chuir an clár le chéile, agus le foireann an Ionaid agus an chóir bhia a cuireadh ar fáil le linn na deireadh seachtaine. Le cúnamh Dé, tiocfaidh taifead na gcainteanna amach i bhfoirm leabhair in am tráth, a chuirfidh le hábhar taighde agus tuisceana amach anseo ar an ngné seo dár stair is dár gcultúr.



Fíona Ní Fhaoláin, Niamh Nic Cába, Clíodhna Ní Dhubhasa, Caoimhe de Brún (Coláiste Muire gan Smál, Dúrlas)



Mairéad agus Pádraig Mhac Donncha ó Rath Cairn na Mí.



Orla agus Máire Uí Shíthigh le Breandán Pháid Ó Muircheartaigh.



Fionn Ó Gráda agus Breandán Ó Cíobháin.

## Téada, Rópaí agus Slabhraí: Glór na nDaoine ina dTost

### Léiriú (obair idir lámha) le Garraí an Ghiorria

*Léirmheas: Róisín Ní Ghairbhí*

Foireann:
Beartla Ó Flatharta
i bpáirt Phiarais Feirtéir,
Caitríona Ní Chonghaile,
Siobhán Ní Dhuinnín,
Zoe Uí Fhaoláin,
Marina Ní Dhubháin,
Marianne Ní Chinnéide,
Áine Moynihan.
Aíonna speisialta:
Boscó Ó Conchúir mar léitheoir,
Deirdre Granville, cláirseoir, agus
Ruairí Ó hÓgáin a d'aithris dán.



Anne McCabe

Bunaithe ar choincheap le Anne McCabe le hionchur ón bhfoireann ar fad.

Níorbh é seo an chéad uair ag coiste Chéiliúradh an Bhlascaoid dráma a chur ar chlár imeachtaí na deireadh seachtaine. Baineann deiseanna cumarsáide ar leith le léirithe drámata mar gheall ar an adhaint a dhéanann aisteoirí beo ar ghríosach an eolais loim. Tapaíodh cuid de na deiseanna cumarsáide sin sa léiriú ríshuimiúil seo de chuid Gharraí an Ghiorria agus ginfear deiseanna eile cumarsáide ach forbairt a dhéanamh ar an léiriú: mar shaothar idir lámha a cuireadh faoinár mbráid é.

Bhain TÉADA, RÓPAÍ AGUS SLABHRAÍ: Glór na nDaoine ina dTost, le scéal Phiarais Feiritéar, lena shaol, lena ré agus lena chur chun báis: an téama b'ábhar don phlé



an deireadh seachtaine ar fad. Ach bhí mórscéal eile á mheabhrú ag compántas Garraí an Ghiorria chomh maith: an tsatailt a deineadh ar na Gaeil agus an teacht aniar a bhaineann linn mar phobal. Le dhá lá ag Céiliúradh an Bhlascaoid, bhí an lucht éisteachta tar éis a bheith ag foghlaim faoi Phiaras Feirtéar a raibh cónaí air i bhfearann a bhí slán ón gcóilíniú. Ar shlí b'aisteoirí sa dráma seo cainteoirí éagsúla Cheiliúradh an Bhlascaoid agus ba réamhléiriú nó ba sheachléiriú ar Phiaras a gcuid cainteanna: Dr Liam P. Ó Murchú, a thug filíocht an Fheiritéaraigh chun beatha dúinn, Pat Neligan a d'eachtraigh dúinn ar an saol mar a bhí in aimsir Phiarais agus an Dr Eadaoin Ní Mhuircheartaigh a léirigh go gléineach le caint agus le híomhánna cuimhne an phobail ar Phiaras. Bhí deis ag an lucht féachana cuairt a thabhairt ar Chaisleán Phiarais faoi threoir Mhichíl Uí Mhainnín cúpla uair an chloig tar éis an dráma. Agus bhí aird tarraingte ag Dr Liam P. Ó Murchú agus ag an Dr Tríona Ní Shíocháin araon ar ionad an cheoil agus go háirithe ar an ionad a bhí ag an gcláirseach i saol Phiarais. Comhthionól fuinniúil fuinte go deimhin ab ea an fearann inar theag-mhaigh daoine leis an dráma seo mar sin. An pobal féin ag caint le chéile.

Ba í an chruitireacht céad téada nó céad snáithe an dráma – ceol ar baineadh úsáid leanúnach as mar shiombal den saol Gaelach agus de chultúr uasal Chúirt Phiarais le linn an léirithe. Bhí téada – rópaí a cheanglaíonn agus rópaí a mbaintear úsáid astu chun léasadh a thabhairt do dhaoine - mar shnáithe leanúnach tríd an léiriú. Bhí babhtaí ann nuair a d'éirigh leis an gcomhar, íomhánna agus fuaimeanna drámatúla a chruthú. Ag pointe amháin úsáideadh rópa láidir mar a bheadh lascadh a dhéanamh agus anuas ar fhísiciúlacht an íomhá seo bhain cumhacht le fuaim rithimiúil an rópa is é á chaitheamh. Bhí síol álainn anseo agus i bhfad na haimsire d'fhéadfaí an chodarsnacht idir sibhialtacht na cúirte agus foréigean an ghnímh chóilínithe a léiriú ar bhealach níos forbartha fós. Comhar ildánach iad Garraí an Ghiorria agus bhí buanna éagsúla na meithile le brath sa chur chuige ilghnéitheach a bhain leis an léiriú, mar a raibh rince, ceol agus léamh drámatúil mar aon le gnáthaisteoireacht. Cuireadh an saothar i láthair mar shaothar 'idir lámha' agus gan dabht beifear ábalta breis forbartha a dhéanamh ar eilimint cheol na cruite: dá áille é, níor bhain an ceol ar fad a seinneadh an uair áirithe seo le ré Phiarais, mar shampla. Bhíothas faoi shrian, gan dabht, chomh maith ag an láthair stáitsithe nach amharclann don téatar go príomha é. (Nár dheas dá ndeanfaí forbairt bheag ar an amharclann in Ionad an

Bhlascaoid? Ardán don phobal! Radharc don phobal agus radharc a ghinfeadh pobal. Níor dheacair, mar shampla, fearas a cheannach le 'bosca dubh' a dhéanamh den stáitse).

Tá ceist nó dhó ann maidir le réim cainte na scripte. Níl a fhios agam an raibh sé lánoiriúnach go mbeannódh an Taoiseach Piaras Feiritéar ar bhealach chomh tíriúil leis an lucht féachana ar a theacht isteach dó – fear a raibh a ainm in airde ar fud chúige Mumhan. N'fheadar an ndúirt éinne 'Conas tánn sibh' sa seachtú haois déag! Ach ansan arís b'fhéidir nach chuige sin a bhí na haisteoirí mar go raibh dhá scéal agus dhá ré á léiriú anseo. Bhí aguisín leis an dráma a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an lucht éisteachta nuair a deineadh athscéal comhaimseartha de scéal Phiarais agus a phobail. Bhain cumhacht ar leith leis an mír seo – Piaras nó AthPhiaras ár ré féin ag reic scéil faoi dhuine a thug fogha faoin nGaolainn ag an bhféile cheoil Castlepalooza.

Ar shlí, fíoradh ar an ngeit a leanann an gníomh cruthaitheach meithile ab ea an léiriú seo. Is mó snáithe a tháinig le chéile in obair an chomhair faoi stiúir Anne McCabe. Bhí baint ag script an dráma le taithí saoil an Chomhair ar fad. Chothaigh Aisteoirí Bhréanainn pobal atá taithíoch ar scríobh agus leiriú drámaí agus taithíoch ar aisteoireacht agus chothaigh siad lucht féachana do dhrámaí. Cothaíodh cuid den chliar ag Cumann Drámaíochta Ollscoil na hEireann Gaillimh agus bhí baint ag Beartla agus Marina leis an ngrúpa Na Fánaithe chomh maith. Chuaigh sainchúlraí Shiobhán Ní Dhuinnín agus Zoe Uí Fhaoláin sa rince agus sa bhfísealaíon chun sochar an dráma. Tá Áine Moynihan tar éis a bheith ag plé le tograí éagsúla drámaíochta, tograí a raibh an comhoibriú le dreamanna seachtracha chun tosaigh iontu go minic. Ba dheas an mhaise beirt aoí breise – Boscó Ó Conchúir mar léitheoir agus Deirdre Granville ar an gcláirseach a bheith páirteach sa léiriú áirithe seo agus chuireadar casadh breise Duibhneach ar an seó. Níor mhiste fís agus tionchar Shiamsa Tíre



Marina Ní Dhubháin, Zoe Uí Fhaoláin, Marianne Ní Chinnéide, Beartla Ó Flatharta, Ruairí Ó hÓgáin, Áine Moynihan, Siobhán Ní Dhuinnín, Caitríona Ní Chonghaile agus Deirdre Granville.

a lua chomh maith maidir le cuid den chóragrafaíocht a deineadh sa seó áirithe seo (bhí baint ar feadh i bhfad ag Siamsa le Corca Dhuibhne agus bhí Marianne Ní Chinnéide tamall mar phríomhfheidhmeannach ar a n-amharclann). Bhraitheas rian sainstíl Shiamsa sa nascadh idir ceol, rince agus guth sa léiriú seo. Is maith ann an cur chuige 'eile' seo a aithníonn sainchlaonta na nealaíon dúchais - an malartú cultúir a thiteann amach go saor agus go báúil agus an éisteacht chomhluadrach is dual don chultúr Gaelach.

Luaigh an polaiteoir William O'Brien '*good fellowship*' na nGael mar chúis lárnach le hAthbheochan a dhéanamh ar an nGaeilge in oráid a thug sé do Ghaeil Chorcaí sa bhliain 1892. Bhí an léiriú agus an éisteacht chomhluadrach agus compánachas sin na nGael lárnach sa léiriú seo, maidir le cruthú an dráma, maidir le scéal an dráma agus maidir leis an éifeacht a bhí ag an léiriú áirithe seo. Dúirt Seán Ó Ríordáin go mbaineann paidir le sluaite (rud a d'fhoghlaim sé i nDún Chaoin) agus gineadh paidir Ríordánach sa léiriú seo: geit a raibh baint aige le pobal a bhí ag paidreoireacht le chéile go cruthaitheach.

Fuair an léiriú tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta, An Chomhairle Ealaíon, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae Dhún na nGall i dteannta le hOllscoil na hÉireann Gaillimh. Fuair an togra maoiniú chomh maith ó Amharclann na Mainistreach mar chuid dá dtogra 5x5 sa bhliain 2018. Is é aidhm Togra 5x5 ná fáiltiú roimh phobail a bhraitheann nach bhfuil ionadaíocht chóir acu ar stáitse na hÉireann agus nach gcloistear a nglór ag eagraíochtaí náisiúnta. Má tá ceacht le foghlaim – is é seo é. Ní thar oíche a thagann ann do dhráma nó do phobal drámaíochta agus má tá Amharclann na Mainistreach dáiríre faoi chothú na drámaíochta Gaeilge ba chóir dóibh straitéis fhadtréimhseach chéimiúil fheidhmeach a bheith acu maidir le drámaíocht na Gaeilge. Ba mhaith ann deontas Amharclann na Mainistreach – ach conas in ainm Dé go bhfuil drámadóirí na Gaeilge ag brath ar dheontas do phobal 'nach gcloistear a nglór' ó amharclann náisiúnta atá in ainm is a bheith ag cothú na drámaíochta Gaeilge? Ba chuma ach tá na dea-chleachtais a chothaíonn drámaíocht don phobal in úsáid ag drámadóirí na Gaeilge le céad bliain anuas. Tugtar ansacht do dhrámaí Gael! Is suimiúil gur fobraíodh an togra seo ar dtús ag na healaíontóirí féin le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta. Ó léiríodh an dráma tá deontas substaintiúil eile faighte ón gComhairle Ealaíon chun an saothar idir lámha a léiriú arís i mí Bealtaine 2019.

# Lorcán Ó Cinnéide tagtha i mbun poist mar Bhainisteoir ar Ionad an Bhlascaoid



***Tá Lorcán Ó Cinnéide tagtha i mbun poist mar Bhainisteoir ar Ionad an Bhlascaoid le gairid. Tá Lorcán ina bhall de Fhondúireacht an Bhlascaoid ó thús, agus deich mbliana caite aige mar Rúnaí ar an bhFondúireacht. Seo mar a chuireann sé síos ar a cheapachán nua:***

Is beag a shíleas go dtabharfadh mo shaol oibre go hIonad an Bhlascaoid mé mar Bhainisteoir – tá formhór mo chuid oibre la fada gafa le cúrsaí farraige agus éisc. Nuair a roghnaíodh mé mar Bhainisteoir ar Ionad an Bhlascaoid, ghlacas comhairle ó chlann, ó cháirde agus go deimhin ón dtaobh istigh d' Oifig na nOibreacha Poiblí maidir leis – agus is anseo atáim! Cé gur fada é mo thaithí ag feidhmiú ar bhonn deonach leis an bhFondúireacht, ní raibh aon eolas puinn agam ar conas a fheidhmíonn an OPW ná an tIonad go hinmheánach. Tá an t-ádh dearg liom go raibh Doncha Ó Conchúir agus foireann an Ionaid chomh fial, fáiltiúil agus tuisceaneach dom is mé ag tosnú amach sa phost – tá said go hiontach. Leanfaidh Doncha ag déanamh an sár-jab atá á dhéanamh aige ag riaradh na háite ó lá go lá, agus beimíd beirt ag comhoibriú maidir le hathmhachnamh ar ról an Ionaid, athnuachan ar an taispeántas ann agus cur chun cinn forbairtí nua ar an láthair agus san oileán de réir a chéile.

Tá an dea-thoil agus an tsuim atá léirithe liom ag mórán daoine sa phobal maidir leis an gceapachán agus leis an mBlascaod le míonna anuas iontach ar fad. Tá sé ina ábhar misnigh dom agus ina dhúshlán leis.

Tá a lán bainte amach le blianta anuas maidir leis an Oileán Tiar: ceannach tromlach na ngabhaltas ag an stát, agus gabhaltas breise le cur leo go luath, tá súil againn. Tá tigh an Chriomthainigh ar an mBlascaod ath-tógtha agus cóirithe, mar aon le tigh eile a bheidh mar cheanncheathrú ag an OPW san oileán. Tá treoraithe ó Ionad an Bhlascaoid á gcur ar fáil le linn an tséasúir turasóireachta ar an mBlascaod. Tá Ceiliúradh an Bhlascaoid ag dul ó neart go neart.

Tá mórán le déanamh, faoí mar is eol do gach duine. Tá géarghá le ceist na gcéanna a réiteach. Tá pleananna ann athnuachan a dhéanamh ar thaispeántais Ionad an Bhlascaoid le cabhair ó Fháilte Éireann. Tá gá le plean agus córais bhainistíochta don Bhlascaod a thabhairt suas chun dáta agus tuiscint ann gur le dea-thoil na gcomharsan is fearr a dhéanfar é sin. Agus tá gá go ndéanfaí treisiú ar an ról atá ag an Ionad mar áis don phobal áitiúil, mar ionad imeachtaí agus cultúrtha i dteannta le ról turasóireachta.

Táim ag súil gur féidir dul chun cinn suaithinseach a dhéanamh sna blianta atá romhainn, de réir mar a bheidh achmhainí ar fáil ó fhoinsí éagsúla,é seo go léir ag brath go mór ar rannpháirtíocht na n-uinéirí san oileán, na n-áisínteachtaí stáit agus áitiúla, lucht farantóireachta, na Fondúireachta agus an phobail. Má's féidir linn comhoibriú ar bhonn macánta, oscailte agus le dea-thoil ó gach taobh táim dóchasach go n-éireoidh linn maitheas a dhéanamh. Ní bheifear díomhaoin!

# Agallaimh le Mná an Bhlascaoid 1976.

**Mícheál Ó Sé ag caint anseo le Máire Ní Chatháin Uí Loinsigh, Máire Ní Ghuithín Uí Chíobháin agus le Lís Ní Chatháin Uí Laoithe 1976 do Raidió Na Gaeltachta mar gheall ar a saol sa Bhlascaod.**

*Buíochas ó chroí le Jeaic Ó Muircheartaigh a thug an taifead dom agus le Dara Ó Cinnéide a thug cead dom é a chur sa 'Chaomhnóir'. Dia libh.*

*– Máirín Uí Shé*

## Máire Ní Chatháin Uí Loinsigh

'Bhímis ag cnuchairt na móna agus á cur i gcruaich agus á tarrac abhaile ansan nuair a bhíodh sí tirim agus á cur isteach sa bhothán agus ansan agus nuair a bhíodh an méid sin déanta is ló againn, nuair a thagadh an tráthnóna chaithimis an bhó a thabhairt abhaile agus chaithimis, sa tsamhradh, blúire soip glas a bhaint di agus é a chur féna ceann agus ansan do chrútaí í. Nuair a thagadh an oíche ansan bhímis suite istigh. Bhímis, cuid againn ag seimint, cuid againn ag déanamh spóirt, duine ag imirt phúiríní agus duine ag déanamh blúire cniotáil agus duine ag déanamh blúire cróise. Bhíodh mo mháthair ansan sa chúinne agus í ag sníomh. Ansan nuair a thagadh lá na mháireach 'sé an saghas céanna oibre a bhíodh againn. Ach nuair a thagadh an tEarrach ansan chaithimis dul ag tarrac an aoiligh agus é a tharrac siar ar an ngort ó mhaidean go dtí tráthnóna. Thagadh mo mháthair ansan agus théadh sí siar agus do leathadh sí é, nuair a bhíodh m'athair ar an bhfarraige nó ar an gcnoc ag gabháil do chaoire nó ag tarrac feamanaí.

Sin é mar a chaithimis ár saol. ….Nuair a thagadh drochoíche bhímis istigh agus bhíodh mo mháthair agus deireadh sí linn dul síos ar an slip féachaint an mbeadh m'athair tagaithe. Ó mo chráiteach híodh imní orthu. Aon oíche amháin, oíche scríb', go sábhála Dia sinn, bhí báisteach agus gaoth ann, tonntacha móra groíthe ar an slip istigh. Bhí muintir Dhúnchaoin tagaithe isteach. Bhí na haon bhád tagaithe isteach ach dhá cheann, m'athair agus naomhóg eile agus bhíomar thuas 'ge baile agus sinn suite istigh agus mo mháthair agus í isteach agus amach, ag féachaint amach. D'fhanamar mar sin go maidean. Nuair a gheal an lá orainn bhí an dá naomhóig amuigh in aice le Beginis. Bhí fhios againn ansan, an dtuigeann tú, go rabhadar ina mbeathaigh, ná rabhadar caillte chuige.

Bhíodh an tOileán lán do dhaoine sa tsamhradh. Bhídis amuigh, aon oíche bhreá siar agus aniar an bóthar ag amhrán. Mileoidean ag fear éigin agus iad ag caitheamh aimsire mar sin. Bhíodh an tOileán lán sa tsamhradh. Ó bhíodh ana scóp orainn i gcóir an tsamhraidh nuair a bhíodh na daoine ag teacht isteach. Naomhóig eile ag teacht isteach agus tá sí lán do dhaoine. Bhíodh naomhóig eile ag teacht. Thagaidís aduaidh ó Chlochar. Thagaidís ó Bhaile na nGall.'

Ní raibh aon leisce orm an tOileán a fhágaint, mar níor mhaith liom a bheith isteach agus amach go Dún Chaoin mar bhíodh breoiteacht fharraige orm, an dtuigeann tú. Nuair a théinn síos ar an slip, nuair a gheibhinn boladh na farraige, ní mór ná go mbínn breoite. Bhínn leis.

---

## Máire Ní Ghuithín Uí Chíobháin

### An Monarchan Stocaí

'Sa Gheimhridh ansan tháinig monarachan stocaí ann agus chuas ag obair sa mhonarchan agus thugas is dócha suas le dhá bhliain ansan. Níl a fhios agam i gceart. Is dócha go raibh cúig dhuine dhéag ag obair ann agus pá de réir mar a dheinimis na stocaí, de réir an méid stocaí a dheinimis is ló. Gheibhimis chúig scilligne as dosaen stoca, dá mbeidís ar an gcéad roth agus mar a mbeidís i gceart raghaidis ar an dara roth agus ní bhfaighimis an méid sin airgead as dóibh san, in aon chor. Bhí an monarchan i dtigh Dhiarmuid Ó



Shéaghdha agus tháinig beirt ó Dhún na nGall ár múineadh ar dtúis, duine os na Cealla Beaga agus n'fheadar cad as an duine eile, is dócha gur os na Cealla Beaga an bheirt.

### Caitheamh Aimsire

Ó is maith is cuimhin liom na rincí i dtigh Pheig Sayers. Bhíodh mórán daoine ag teacht ó Bhleá Cliath, buachaillí go mór mhór agus mhúinidís sinn dúinn abair an rince fada, agus cailíní leis. Mhúineadar an rince fada agus fallaí Luimní agus Ionsaí na hÍnse. Bhíodh ana sheó againn. B'fhada linn go dtiocfadh an Meitheamh agus na stróinséirí chun go mbeadh an cuilleachtadh againn. Barra na Trá…Thiar ar an duimhche. Ó bhíodh sé chomh haoibhinn ann. Bhíodh an fharraige ag briseadh oícheannta ciúine sa Mheitheamh agus in Iúil. Agus bhíodh mileoidean thiar ag buachaill éigin ann.

Agus ansan bhíodh na faoilinn - chloisfeá ag scréachaidh iad. Ó bhí sé go haoibinn. Gabháil lasthuas aniar ansan agus an té a bhíodh ag seimint, an garsún, bheadh sé amuigh chun tosaigh agus an chuid eile ina dhiadh aniar agus raghaidis suas sa Dáil. Bhíodh ana sheó sa Dáil.

B'fhearr liom a bheith istigh san Oileán. Ní chuas riamh go dtí aon

rince ar an Mín Tír. Braithim an Tráigh Bháin uaim sa tsamhradh. Chuirinn prátaí ar an dtine, fiú amháin nuair a bhí stróinséirí agam agus rithinn síos, mé féin agus gearrchaillí eile, síos ar an dTráigh Bháin agus théimis ag snámh. Ní snámh, mar ní raibh aon tsnámh againn, ach ag lapadáil amach san uisce, saghas snámh agus thagamis isteach ansan agus shuímis ar an ngainimh ar feadh tamaill. B'fhearr liom an tOileán go mór is go fada ná Dún Chaoin mar níorbh é an saol céanna in aon chor a bhí againn. Bhíodh stróinséirí go minic agam, bhídís trí huaire sa bhliain agam.

Ó ceol veidhlín, b'fhearr liom í ná an mileoidean. Ba chuma liomsa riamh ach ceol veidhlín.'

---

**Lís Ní Chatháin Uí Laoithe**

'Is maith is cuimhin liom mo mham is gan aon bhróg uirthi agus í thiar sa ghort ag leathadh iascán agus ag tarrac aoiligh leis an asal i rith an lae agus is minic tráthnóna chuas siar chuici mé féin agus mo dhéirféaracha nuair a bhímis díomhaoin ó ár leabhra scoile agus bhímis ag aistriú an aoiligh di agus í fhéin á leathadh agus na fir ar an bhfarraige.
Cnuchairt na móna chomh mhaith. Bhaineadh ár n-athair an mhóin, mar sin chaithmis í a chnuchairt, í a thógaint agus í a chruachadh agus deirimse leat go raibh obair orthu.

**An Monarchan Stocaí.**

Bhíomar ag obair an uair sin agus do glaodh abhaile orainn chun dul go dtí an monarchan mar bheimis 'ge baile ach go háirithe. Ní raibh aon phá sna háiteanna lasmuigh an uair sin, púnt sa mí. Thángamar abhaile agus chuamar ann. Bhíomar ana, ana shásta ann. Ach gan dabht ní bhíodh aon tuiscint againn ar bhean Dhún na nGall. Níor thuigeas in aon chor í. Francach a thugaimis uirthi.
N'fheadar cad a bhíodh sí a' rá in aon chor. D'imigh sí ach go háirithe fé mar a tháinig sí agus ní dóigh liom gur thuigeas dhá fhocal riamh uaithi. Ach bhí an monarchan againn féin ar deireadh thiar. D'imigh sí ar fad as



agus bhí sé againn féin agus chuirimis amach ár stocaí. Gheofá mar a dhéanfá, mar a déarfá, agus bhíomar ana shásta ann an fhaid a dh'fhan sé ann.

**Caitheamh Aimsire**

Ó bhíodh ana chuileachtadh acu agus bhíodar ana chairdiúil agus muna mbeadh rud ag an duine seo bheadh sé ag an duine eile. Na comharsain is fearr a chonaic aon duine riamh. Bhí an méid sin ag baint leis. Bhí ana chompórd ann agus go mór mhór i rith an tsamhraidh nuair a bhíodh na stróinséirí go léir ag teacht. Ó choiméadadh sé sin inár mbeathaidh sinn. Ó mo chroí bhíodh sé éirithe a chroí. I rith an tsamhraidh rince siar ar an nduimhche cois na farraige.

Bád anoir agus bád aniar agus bád aduaidh agus na héinne a' rá 'Tá Deálaí ag teacht agus tá sé seo ag teacht agus tá sé siúd ag teacht' agus rince go maidean.
'Dhia na bhFlaitheas bhí ana shaol ann. Beannacht Dé le anam na marbh. D'fhág scata ban é agus phósadar. Bhí duine ar dhuine ag imeacht bhailíodar leo go Meiriceá agus go Sasana. Deinimse amach ná fanann éinne ag baile, go gcaitheann na héinne imeacht. Tóg amuigh ar an Mín Tír iad, clann feirmeoirí agus tá siad ag imeacht go Sasana agus go Meiriceá agus a rá ná h-imeodh clann na n-iascairí bochta a bhí san Oileán.

Ó ba bhreá liom a bheith ann. Chuas isteach dhá uair nuair a mhair mo mháthair istigh ann agus m'athair dhá uair tar éis mé a phósadh anseo. Ansan dhá bhliain a dtaca seo chuas isteach, ach a Mhaighdean Bheannaithe, is fada ón Oileán anois é!

**I ndíl chuimhne ar Danny Mac an tSíthigh**

Chualas a ghuth, guth ceolmhar Chorca Dhuibhne
is thiteas i ngrá léi, láithreach bonn
siollaí ár muintire ag teacht is ag imeacht,
focla ár sinsear i bhfad fad ó shin.

Guth nár chualas ariamh thar na blianta,
Teanga mo shinsear, chomh taitneamhach le clos,
guth láidir Danny is é i mbun cainte
ag aithris a chuid dánta go ceolmhar binn.

Fear mór na Gaelainne, de ló is d'oíche,
fear mór na dúthaí agus é i mbun siúil,
aithne phearsanta ar na carraigeacha is an timpeallacht,
ar na cnoic naofa, agus Cé Chuas na Nae.

Is é ar a thuras deireanach san naomhóg bheannaithe
gan éinne in éineacht leis, ach an bás is é féin
ag dul chun an tsolais, solas na síoraíochta
is a anam roimis, ag oscailt is ag fás.

– Pádraig Ó Muircheartaigh



# Edna Uí Chinnéide

**1926 – 2018**

***D'éag Edna Bean Uí Chinnéide, duine de bhunaitheoirí Fhondúireacht an Bhlascaoid, ar an 11ú Samhain 2018.***



Bhí Edna gafa i morán slite le cur chun cinn chaomhnú oidhreacht an Bhlascaoid Mhóir ar feadh blianta fada. Bhí sí mar Rúnaí ar Choiste Áitúil na Fondúireachta sna blianta tosaigh ó 1985, ina heagarthóir ar an iris seo ar feadh breis is fiche bliain agus ina cathaoirleach ar Choiste Cheiliúradh an Bhlascaoid. Bhí páirt mhór aici san fheachtas bailithe airgid a cuireadh ar bun i dtreo costas tógála Ionad an Bhlascaoid i nDún Chaoin ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Chuir sí aithne ar chlann an Bhlascaoid ar fad agus is í a bhí freagrach as taifeadadh físe a dhéanamh ar chuimhní na n-iar oileánach ar a saol san Oileán Tiar.

Chuir a cuid fuinnimh, macántachta agus díograis go mór le hiarrachtaí na Fondúireachta lena linn.

Rugadh agus tógadh Edna Ní Chillín i gClár Chlainne Mhuiris, i gCo. Mhaigh Eo, iníon le Sam agus Julia agus deirfiúr le Colum, John, Elsie agus Mickie, iad ar fad imithe ar shlí na fírinne roimpi.

Oide scoile ab ea Edna a mhúin i Tranquilla sa Ráth Garbh i mBaile Átha Cliath, i Meánscoil Chlochar na Toirbirte sa Daingean, i Scoil Náisiúnta Lios Póil agus i Scoil Náisiúnta Naomh Eirc ar an bhFeothanach. Múinteoir den scoth ab ea í a bhí samhailteach agus i bhfad roimh a hama maidir le hoideachas na leanaí faoina cúram.

Bhí Edna pósta leis an bhfile, oide scoile, amhránaí, iascaire agus gníomhaí pobail Caoimhín Ó Cinnéide (1922-1985), agus ba mháthair í do naonúr clainne - Neasa, Gearóid, Micheál, Lelia, Aodán, Lorcán, Eilís, Dairena agus Párthalán, a fuair bás is é ina naíonán.

Seachas an bhaint aitheanta a bhí aici le Fondúireacht an Bhlascaoid, bhí Edna gníomhach i réimse leathan tograí agus imeachtaí i gCorca Dhuibhne, ina measc turasóireacht, fíodóireacht agus ceardaíocht láimhe eile. Bhunaigh sí craobh áitiúil de Al Anon sa cheantar, eagras cabhrach a chuireann tacaíocht ar fáil do mhuintir dhaoine ag fulaingt le galar an alcóil.

Máthair, seanmháthair agus sin-seanmháthair iontach, sár oide, gníomhaí gan staonadh a raibh grá aici do dhaoine, dá pobal, do cheol, litríocht, smaointe, pholaitíocht, stair, dhúlra, oideachas – agus don saol – ab ea Edna Uí Chinnéide. Cailliúint mhór a bás do Fhondúireacht an Bhlascaoid, don dúthaigh Duibhneach, dá clann, dá cáirde is dá gaolta.

Ar dheis Dé go raibh a hanam.



Edna Uí Chinnéide ag Ionad an Bhlascaoid le Noel O'Gorman, John Brett, Mairead O'Gorman, Ellen Brett, Kathleen Keane agus Pádraig Keane.

# Peig Sayers – *Comóradh 60 Bliain a Báis agus Ócáid Cheiliúrtha a Beatha*



***Ar méanlae Dé Sathairn, 8 Nollaig, leagadh bláthfhleasc ar uaigh Pheig i reilg Dhún Chaoin mar chomóradh ar 60 bliain a báis.***




Sa tráthnóna bhí ócáid cheiliúrtha beatha Pheig san Ionad nuair a taispeánadh blaiseadh as scannán Bhreandán Feiritéar, "Slán an Scéalaí" (1998).
Deineadh aithris ar scéaltóireacht



ag **Danny Ó Cíobháin**, Róisín Ní Ógáin agus Ruairí Ó hÓgáin.



Thug **Pádraig Ó Héalaí** léacht dár dteideal "Peig Sayers agus Leigheas na Muintire, agus dhein Tomás Ó Lúing aithris ar scéal ó Pheig, "Árthach tirim ag rith ar an mbóthar".



**Ruairí Ó hÓgáin agus Róisin Ní Ógáin**
(a bhain duaiseanna amach ag Oireachtas na Samhna i gCill Áirne i mbliana le haithriseoireacht faoi 12 agus 9 bliana)



**Tomás Ó Lúing**
(a bhain Corn Neidí Frainc Mhic Grianna amach sa chomórtas scéalaíochta ag Oireachtas na Samhna i gCill Áirne.)

# "Lig Dom Mo Chuid a Dhéanamh"

*Trácht ó Dhialann a scríobhadh san Oileán*

Lorcán Ó Cuinneagáin



Bhí sé déanach go leor nuair a dhúisigh mé, caithfidh go raibh ana thuirse orm tar éis an lae fhada; cheana féin tá an tráthnóna linn, an ghrian íseal sa spéir anois. 'Dhiabhail! Níor ith mé go fóill, ní raibh aon lón agam, is gá go mbeadh béile mór agam gan mhoill.

Níl puinn feola fágtha, é go léir ite tar éis coicíos a bheith caite agam ar an mBlascaod. Maith go leor, beidh anraith agam ón bpaicéad agus le seo, cuirfidh mé slisíní beaga de phráta chun obair a thabhairt don bholg! Beidh píosa aráin agam chomh maith agus beagán cáise in éineacht leis sin; agus blúire ime ar ndóigh. Ina dhiaidh sin, bainfidh mé an-taitneamh as cupán breá tae.

Amach ón bpoll leis an mbosca den bhia solofa agus isteach leis an bPrimus Gáis ina áit. Cuirim lasair leis an ngás agus leagaim an corcán ar an bPrimus. Anois isteach leis an anraith ón bpaca, leath mhuga uisce chomh maith, agus tosaím á mheascadh agus á mheascadh chun na cnapáin a bhrú as a chéile. Leadránach go leor agus mar sin is minic a bhím ag féachaint ar na radharcanna máguaird agus an ghal ag éirí in airde ón bpota. Cheana féin tá an ghrian go híseal sa spéir, tá an fharraige ag glioscarnach faoina bun, tá na cúl oileáin go hálainn faoin solas seo, sé sin Inis Mhic Uibhleáin agus Inis na Bró. Rothlaím an meascán sa phota, brúim amach cnapán nó dhó.

Leis an lámh atá saor, aimsím práta amháin agus beirim greim ar mo phláta agus cuirim lámh ar an scian bheag ghéar. Gearraim an práta go dtí nach bhfuil ann ach ciúbanna beaga bídeacha, isteach leo siúd sa phota. Rothlaím an meascán. Breathnaím amach tríd an doras. Rothlaím an meascán.

Cuirim an lámh ag cuardach arís agus beirim greim ar an arán, ar an im agus ar an gcáis agus cuirim le chéile ceapaire de chineál chun a bheith agam i ndiaidh an tsúip. Ardaím na súile agus lasmuigh feicim giorria agus é ag rith anseo agus ansiúd. Tugaim faoi deara faoileán sa spéir ag breathnú anuas ar an tint. Leagaim súil ar na caoirigh agus iad ag bogadh gan bhrú go paiste d'fhéar úr. Tá an meascán cóir a bheith beirithe anois agus ní fada go bhfuil an súp curtha isteach sa bhabhla agam. Níl sé ró-the agus ithim gan mhoill é, ag cogaint an cheapaire aráin ag an am céanna. Líonaim muga le huisce agus isteach sa phota leis, tar éis an phota a scuabadh amach le huige. Go gairid, tá muga breá tae i mo lámh agus anois caithim siar braillíní an dorais chun an radharc lasmuigh a nochtadh.

Is álainn an tráthnóna atá ann agus is álainn an radharc atá le feiceáil agamsa, an ceanntíre fada thíos ansin, é glas agus donn le féar agus le haiteann agus é breactha le paistí liath sna háiteanna ina bhfuil Na Clocháin Gheala agus An Loch Mór. Stráicí bána anseo is ansiúd de bharr na gcaorach atá thíos ansin, an ceanntíre féin cineál dubh agus in áiteanna eile é clúdaithe le scáileanna cruthaithe ag an ngrian íseal. Mar chúlra do gach rud, tá an fharraige ghorm agus dhúghorm sínte siar ón Oileán. Is aoibhinn liom an radharc seo, a áilleacht agus an draíocht a bhaineann leis.

Ardaím mo cheann agus breathnaím ar Inis Mhic Uibhleáin, ansin ar Inis na Bró agus faoi dheireadh, ar An Tiaracht mistéireach. Sea, An Tiaracht agus gar dó an ghrian, an ghrian atá ag ullmhú chun í féin a ní san fharraige sula dtéann sí a codladh, comhchruinne gheal os comhair canbháis leathan dearg na spéire taobh thiar.

Táim ag stánadh anois ar an radharc thar cuimse seo. Tá mo shúile go hiomlán tógtha leis an ngrian ach go háirithe, é ar imeall na spéire agus ag bogadh gan stró i dtreo na farraige liath goirme.

Anois tá an meall sin ina shuí díreach os cionn na farraige. Ní féidir liom na súile a bhogadh, tá draíocht ag tarlú os mo chomhair. Tá bun na gréine ag cuimilt na farraige anois, stopann an anáil. Go hiomlán ciúin. Níl fuaim le cloisteáil, gach rud socair, séimh.

Cloisim rud éigin i m'aigne, braithim é, guth éigin agus é ag rá:

*"Lig domsa mo chuid a dhéanamh"*

Céard as an guth seo? An í an ghrian atá ag iarraidh teagmháil a dhéanamh liom, an t-aon duine amháin atá san Oileán, an t-aon duine amháin atá ag féachaint amach uirthi?

Braithim i mo cheann arís é:

*"Bí socair"*
*"Lig dom mo chuid a dhéanamh"*

Cad is brí le seo, cad atá i gceist, céard atá ag iarraidh teagmháil a dhéanamh le m'aigne ar chor ar bith?

Agus arís:

*"Bí ciúin, bí i do thost, bí socair"*

Agus anois teachtaireacht nua in éineacht leis:

*"Ansin beidh mé in ann mo chuid a dhéanamh duitse, an pháirt atá leagtha amach a chomhlíonadh ar do shonsa"*

Ní thuigim. Ní thuigim. Cad as an guth mistéireach diamhair seo? Cad as an smaoineamh atá sé ag cur i m'aigne? Rud éigin ag caint liom go teileapaiteach b'fhéidir? N'fheadar?

Stopann an guth. Ciúnas. Ciúnas laistigh. I ndáiríre is ró-chiúin atá sé anois, tá rud éigin in easnamh. Druideann an freagra chugam. 'Sí an chaint inmheánach atá in easnamh, an chaint a bhíonn ar siúl gan stad, an chumarsáid aontaobhach. Cinnte, tá an guth sin ina thost faoi láthair. Dochreidte an ciúnas socair seo. Sos ón guth a bhíonn i gcónaí ag stealladh, ag caint, ag gobaireacht, ag tabhairt amach dom, ag gearán, tá sé ina thost! Níor thug mé faoi deara ach anois é, de bharr é bheith stoptha, go mbíonn guth ag caint agus ag caint agus ag caint laistigh de m'inchinn gan staonadh, an t-am ar fad. Sea, glór inmheánach a chuireann focail ar na rudaí ar a bhfuil mé ag féachaint, a chuireann focail ar mo smaointe agus ar a bhfuil ag tarlú timpeall orm, é ag caint faoi rudaí a tharla agus rudaí atá fós le teacht, i gcónaí ag líonadh m'aigne le focail, ag cogarnach gan stad. Ó nach breá a bheith saor ón glór sin, nach aoibhinn an dlúth chiúnas!

Ní mhaireann an ciúnas, tagann an guth ar ais, chun cur síos a dhéanamh faoin gciúnas féin anois! Tá sé ag líonadh m'inchinn le raiméis arís, ag cur deireadh leis na geasa, ag cur ruaig orthu! Tógaim anáil.

Ach anois gur bhlais mé an dlúth chiúnas, tá dúil agam an spás sin a bhlaiseadh arís agus arís eile nuair is mian liom.

I ndáiríre is cuma faoi na smaointe sin, tá siad ag iarraidh mé a chur ar seachrán ón rud is tábhachtaí faoi láthair:

*"Lig dom mo chuid a dhéanamh"*

N'fheadar cad is brí leis an abairt sin, cad atá i gceist leis in aon chor? Bhuel n'fheadar, ach aithním anois go mbíodh agus go mbíonn an guth inmheánach sin ag cur isteach go mór orm, ar an réalachas atá timpeall orm, ag laghdú dathúlacht na radharcanna, ag cur ceo de chineál idir mé féin agus an réalachas agus idir cantaireacht na n-éan agus torann na farraige, idir mise agus cumhrán an aitinn, an guth sin ag cur uaim mothúcháin na gaoithe boige ar mo leicne, é ag cur faoi cheilt teas éadrom na gréine agus crónán suaimhneach na mbeach. Sea, de bharr an torainn seo laistigh, ní bhlaisim áilleacht an Nádúir, bíonn na súile leath mhúchta agus iad ag breathnú lasmuigh ag an am céanna agus an aigne gan a bheith dírithe go hiomlán ar na míorúiltí nadúrtha seo go léir. I ndáiríre, ní bhlaisim an rud atá os mo chomhair, feicim é tríd an cur síos a bhíonn ar siúl istigh i m'aigne.

Agus cén fáth go bhfuil a leithéid ann in aon chor? Truaillíonn sé an teagmháil idir mé féin agus an fíorshaol máguaird. Lagaíonn sé an taitneamh a bhainim as an saol, as na daoine, as na radharcanna, as na pictiúir, as an ceol, as gach rud beagnach. Nach ait an rud é nár thugas faoi deara an guth inmheánach roimhe seo? Bhí orm dul chun an Blascaoid chun é a thabhairt faoi deara, cé go raibh an guth céanna sin liom leis na blianta fada!

Bhuel anois go bhfuil a fhios agam faoi, cuirim smacht air agus ar ais liom chuig an glór draíochtúil nua a dhruid isteach i mo cheann, an guth séimh a deireann

*"Lig dom......."*

Suimiúil, ach tá saghas tuisceana ag borradh ionam anois faoin ráiteas sin.

Tuigim go mbím gnóthach, gnóthach, gnóthach riamh choíche, an t-am ar fad. Ní féidir liom fanacht socair, caithfidh mé bheith gnóthach gníomhach i gcónaí riamh. Mura bhfuil mé faoi bhun oibre éigin, sílim, tá an meon agam go bhfuil mé ag cur am amú. Sea, is tréith dom é nach féidir liom a bheith díomhaoin. Peaca is ea an díomhaointeas, bhuel sin a deirtí liom is mé óg!

Sea, b'fhéidir gurb é sin atá i gceist ag an guth séimh nua, go mbím chomh gnóthach, chomh gníomhach, nach ligtear d'aon rud eile druidim isteach i m'aigne. Caithfidh smacht a bheith agam i gcónaí ar mo shaol agus dá bharr, níl spás ann a ligfeadh do na rudaí nádúrtha tarlú. Is minic go mbím chomh gnóthach ag déanamh rud i mo shlí áirithe féin nach n-airím go bhfuil slí eile níos simplí ann mar go bhfuil m'aigne chomh gnóthach sin!

Smaointe úra, dea-smaointe séimhe. Sea, ach tá mé ag éirí fuar anois, tá an ghrian imithe faoin bhfarraige, cinnte tá sé in am dom dul a chodladh.

Mar sin, tarraingím lena chéile braillíní dhoras na tinte, leagaim amach an mála codlata, aistrím ó éadaí an lae agus sleamhnaím isteach sa mhála. Ar feadh nóiméid nó dhó, smaoiním faoin abairt mhistéireach, faoin teachtaireacht, faoin gcomhairle *"Lig dom mo chuid a dhéanamh"*.

Ní fada go dtagann néal codlata orm agus táim leis na Sióga arís...

# Taispeántas pictiúr Julie Beckett in Ionad an Bhlascaoid Meitheamh 2018

Tá Julie, atá lonnaithe i gCorca Dhuibhne, ag obair mar ealaíontóir proifisiúnta ón mbliain 1997. Úsáideann sí uisce dhathanna, aicrileach, íle, agus meáin mheascatha ina cuid pictiúr agus le déanaí tá sí ag obair mar dhéantóir priontaí.

Faigheann Julie ionsparáid ó radharcanna áille an cheantair, agus chomh maith le sin tá sí tógtha go mór le comhdhéanamh difriúil a chruthú ina cuid oibre agus tá sé seo le feiscint go soiléir ina cuid péintéireachta.

Tá cáil chomh maith ar an stil úrnua impriseanaíoch a úsáideann Julie chun bláthanna a phéinteáil agus ar a cuid eitseála.

Tá Julie tar éis a cuid oibre a thaispeáint go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus tá pictiúir dá cuid i mbailiúcháin phríobháideacha sa bhaile agus i gcéin.

Tuilleadh dá cuid oibre le feiscint ar an suíomh idirlín www.jbpaintings.com

Teangmháil: 087 986 5537

*Based on the Dingle Peninsula, julie has been working as a professional visual artist since 1997, producing paintings in watercolours, acrylics, oils, mixed media and more recently as a printmaker.*

*Inspired by the local scenery, as well as a fascination for creating different textures, Julie has developed her unique style of landscape painting which reflects the natural world around her.*

*Julie is also known for her innovative impressionist-style paintings of flowers and for her etchings, which you may already have seen.*

*Julie's work has been exhibited locally , nationally and internationally and is represented in a number of private collections both at home and abroad.*

*Futher work can be viewed on her website www.jbpaintings.com*

*Contact: 087 9865537*







## Gaelainn Dhuibhneach

Chím ansan í fé fhuacht na réalta,
Áilneacht ar sileadh léi, mar bheadh laftán mór néalta,
Focail eile agena deirfiúraca canúna,
Binneas siar go heireaball inti, mar a bheadh ainnir i ngúna.

Ambaiste, ambriathar, ’on riach, ’on deans,
Oidhrí na canúna, nách leo a bhí an seans,
Ua Maoileoin Chom Dhíneoil, Ó Cíobháin na Gráige,
Muintir an Oileáin Tiar, Peig Sayers Bhiocáire.

Taoi, táir, tás tú, tánn tú,
Ithir, gaíon, gorta lán sú,
An bhíos táite ages na haon,
An té ná fuil sé aige, is corr é mar éan.

*Na hAird ó Thuaidh, Lá dár Saol*,
Uncail agus mac driofúr, priacal sochas baol.
Canúint shuaithinseach, muintir ghlórmhar,
Bua chuin seanachais agena n-urmhór.

Í i ngátar cosanta, an gcaillfear a luach?
Laethasta na Bó Riach, Garbhshíon na gCuach
Sea, chím ansan í, ag glioscarnaigh ar nós péarla.
Iasacht ag ráthaíocht inti,
Lorg an Bhéarla.

Gaelainn Dhuibhneach age léitheoir an Aifrinn,
Focail sínte ar a bhfaobhar, Gaelainn saor ó mhinn.
Cosa cruinne á gcur fé chearca,
Fadar ard fés na heacha.

Muintir na dúthaí ’mithe le focail, focail, focail.

Gaelainn Dhuibhneach, Croí Chine.

Fiachra Ó Muircheartaigh
Deireadh Fómhair 2016.

---

## Foclóir

**agena** – ag a

**ambaiste** – tá an focal so ana chomónta sa chanúint mar aon lena gcuid leaganacha malartacha amhail “ombaiste”, “anaiste”, “ambasa”, “ambaiteach” agus “om batha”.

**ambriathar** – deirtear “imbriathar”, leis, “dar mo bhraithar” an chiall.

**’on riach** – uaillbhreas is ea é seo.

**’on deans** – “t(h)’anam dhon deans” a deirtear, “t’anam ‘on diabhal” a bhrí.

**seans** – ádh – “bhí seans liom” (bhí an t-ádh liom).

**Ua Maoleoin** – Padraig Ua Maoileoin – údar *Na hAird ó Thuaidh* agus scata leabhar eile.

**Ó Cíobháin** – Pádraig Ó Cíobháin, scríbhneoir nótáltha. Ón nGráig dó.

**muintir an Oileáin Tiar** – muintir an Bhlascaoid

**taoi / táir / tás tú / tánn tú** – tá tú

**na haon** – gach aon. “Nach aon” atá ann ó cheart ach gurb amhlaidh a ritear isteach ina chéile an dá fhocal.

**ná fuil** – nach bhfuil (“fuil” atá ceart ó thaobh na staire de).

**driofúr** – deirfiúr

**sochas** – seachas

**laethasta** – laethanta

**Laethasta na Bó Riach** – tréimhse gharbh aimsire.

**Garbhshíon na gCuach** – tréimhse fhuar fhliuch i dtosach na Bealtaine (ó lá an Aibreáin go lár na Bealtaine de réir traidisiúin). Deirtear *An Scairbhín*, leis.

**léitheoir an Aifrinn** – gach Domhnach is ar Aifreann Gaelainne sa lár cathrach a bhíonn mo thriall. Bíonn fear agus a mhnaoi i láthair agus bíonn briathar Dé á léamh ag an bhfear. Is amhlaidh guth ana bhreá aige, bail ó Dhia air. Gaelainn Chorca Dhuibhne atá aige.

**minn** – meainn, ach é sa tabhartach agam ar mhaithe leis an gcomhardadh.

**Na cosa cruinne a chur faoi na cearca** – an té a dhéanfadh an rud a shamhlófaí a bheadh dodheanta, an té a chuirfeadh an taobh thoir ar an dtaobh thiar. Deirtear le seanbhlas ar uairibh é (féach *Allagar na hInise*, mar shampla: “ba dhóigh leat air go gcuirfeadh sé cosa fé chearca dhuit”, lth 115). Is é a mhacasamhail sa Bhéarla ná “to work wonders”. Is deacair cosa a chur fé chearca, ach is deacra ná sin fós cosa cruinne a chur fé chearca.

**fés na** – faoi na



## Pádraig an Choma

Bhí agat bua ná raibh age eile,
Bhís ag imirt caide sochas ag imirt peile.
Chuais chuin spairne le Seán Ó Ruadháin Mhaigh Eo,
Chuiris i gcuntas samhlaíoch fé mar a bheadh sí ina beo.

Scríobhais *Na hAird ó Thuaidh*, saothar thar na beartaibh,
Bhís ag eachtraí scéalta, sás chuin duan agus dántaibh,
Ráinigh gur ón ndúchas a fuairis an mianach,
Fuil Blascaodach sa smúsach, Uncail agus Oileánach.

Thánaís chuin coinlíochta ach a raibh sú sa teangain,
Chonaicís an spré dheireanach sara n-imigh ón nDaingean.
Dlúthchoidreamh agat le Rí an Fhoclóra,
Bhí agat an teanga bhlasta – an béal bán agus na mionnaí móra.

Rógaire a bhí ionat, ba bhreá leat an braoinín cruaidh
D'ólais tobac, leis – níor chuiris air an ruaig.
An Caitliceachas siar go h-eirbeaball ionat, dála na munitire lastuaidh,
Chonaicís a chéim síos, a thuras coscrach 'on uaigh.

Dúraís in *Iomairí Críche* ná raibh réiltín ar an aer,
Chuais chuin na bhFlaitheas d'fhonn go mb eadh lasair sa spéir.
Ó bhí agat Gaoluinn bhreá, bhí sí agat go binn,
In Iothlainn Dé go gcastar sinn.

Fiachra Ó Muircheartaigh

---

## Foclóir

**Pádraig an Choma** = Pádraig Ua Maoileoin as Com Dhíneoil i gCiarraí
**ná** = nach
**age** = ag
**bhís** = bhí tú
**caid** = peil
**sochas** = seachas
**chuais** = chuaigh tú
**chuin** = chun
**Seán Ó Ruadháin** = scríbhneoir mór le rá ó Mhaigh Eo
**chuiris** = chuir tú
**scríobhais** = scríobh tú
**ag eachtraí** = ag insint
**sás chun ruda** = go maith chun ruda (good at something)
**dántaibh** = dánta
**ráinigh gur** = tharla gur (it happened that)
**fuairis** = fuair tú
**smúsach** = inner being
**Uncail** = Seán Ó Criomhthain (uncail Phádraig Uí Mhaeoileoin, údar *Lá Dár Saol*)
**Oileánach** = Tomás Ó Criomhthain (athair críonna Phádraig Uí Mhaeoileoin, údar *An tOileánach*)
**thánaís** = tháinig tú
**ach a raibh** = nuair a bhí
**teangain** = teanga
**sara n-imigh** = sular imigh
**coidreamh** = caidreamh
**Rí an Fhoclóra** = Niall Ó Dónaill
**mionnaí móra** = curse words
**braoinín cruaidh** = drop of alcohol
**d'ólais** = d'ól tú
**tobac a ól** = to chew tobacco (to smoke)
**'on uaigh** = don uaigh (chun na huaighe)
**dúraís** = dúirt tú
***Iomairí Criche*** = teideal leabhair
**In Iothlainn Dé go gcastar sinn =** 'sé atá greanta ar uaigh Phádraig Uí Mhaeoileoin



An tOileán faoi shneachta, Márta 2018
Pic: Mícheál de Mórdha

## Baillraíocht sa Fondúireachta • *Membership of Foundation*

Bíonn *An Caomhnóir* á dháileadh tríd an bpost go baill na Fondúireachta agus an costas clúdaithe lena dtáille ballraíochta.

Ar eagla go bhfuil dearmad déanta ag daoine maidir le táille bliantúil ballraíochta a dhíol, nó chun ballraíocht a chlárú, is féidir an bileog thíos a chomhlíonadh go leictreonach, nó é a chur trí an post.

*De bharr rialacha nua GDPR níl ainmneacha na mball á fhoilsíu.*

*An Caomhnóir* is dispatched to members of Fondúireacht an Bhlascaoid, the cost of which is covered by their membership.

As some may have forgotten to update their yearly membership, or to register as a member, the details below may be completed electronically or directly by post.

*Due to GDPR regulations members' names are not being published.*

**FONDÚIREACHT AN BHLASCAOID**
**BALLRAÍOCHT BHLIANTÚIL 2019 *ANNUAL MEMBERSHIP***

Is féidir an táille bliantúil €20 a dhíol go leictreonach mar seo a leanas:
*The annual fee of €20 can be paid electronically as follows:*

| | |
|---|---|
| **IBAN IE65 BOFI 9057 0783 216156** | **DO Ainm/YOUR Name:** |

Nó is féidir an fhoirm seo a líonadh agus í a chur ar ais le táille bliantúil €20 go dtí:
*Or complete this form and return it with €20 subscription to:*

**Fondúireacht an Bhlascaoid,**
**f.ch. Ionad an Bhlascaoid Mhóir, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.**

Ainm ______________________________ *Name*

Seoladh ______________________________ *Address*

______________________________

R-phost ______________________________ *Email*

Ballraíocht Bhliantúil / *Annual Membership* 01.01.2019 - 31.12.2019

Is faoi Fhondúireacht an Bhlascaoid glacadh nó diúltiú d'iarratas ar bith. • *The Blasket Island Foundation reserves the right to accept or reject any application.*

## Imeachtaí san Ionad le linn na Bliana 2018



| | |
|---|---|
| 11/02/2018 | Comharchumann Dhún Chaoin: Imeachtaí Lá 'le Gobnait, |
| 15/02/2018 | Scoil Cheoil an Earraigh: Ceolchoirm 'Casadh na Gráige' le Mícheál Ó Súilleabháin, beannacht Dé leis. |
| 21/03/2018 | Comharchumann Dhún Chaoin: Oíche eolais faoi Sheandálaíocht Teampall Mhóire |
| 24/03/2018 | Féile Idirnáisiúnta Scannán an Daingin: Comhdháil 'Dingle Pow Wow' |
| 26/04/2018 | Florian Walsh Taispeántas grianghrafadóireachta |
| 06/05/2018 | Féile na Bealtaine: Dráma: Gaelú Shakespeare |
| 06/05/2018 | Elisa Feiritéar: Seoladh Taispeántas Ealaíne |
| 01/06/2018 | Julie Beckett: Taispeántas Ealaíne |
| 06/06/2018 | Cruinniú Chomharchumann Dhún Chaoin |
| 27/06/2018 | Raidió na Gaeltachta: An Saol ó Dheas á chraoladh beo |
| 02/07/2018 | Cumann Bhunmhúinteoirí Éireann: Cúrsa Gaeltachta, |
| 10/07/2018 | Ken Bolger: Taispeántas Ealaíne |
| 29/07/2018 | Comharchumann Dhún Chaoin: BBQ an Pharóiste |
| 10/08/2018 | John Hooton: Taispeántas grianghrafadóireachta |
| 25-28/08/2018 | Seachtain Oidhreachta: Craiceann nua agus Tarra á chur ar naomhóg thraidisiúnta ag Eddie Hutch |
| 14-16/09/2018 | Ceiliúradh an Bhlascaoid 2018 'Piaras Feiritéar – Beatha agus Saothar c1600-1653' |
| 18/09/2018 | Cruinniú Cinn Bhliana Chomharchumann Dhún Chaoin |
| 09/10/2018 | Tionóil Dochtúirí Leighis ó Londain |
| 18/10/2018 | Scoil Dhún Chaoin: Ceolchoirm ag Leanaí na Scoile |
| 10/11/2018 | An Fhéile Bheag Filíochta: Ceolchoirm le Liam Ó Maonlaí |
| 02/12/2018 | Other Voices: 'Hennessy Music Trail' Ceolchoirm le Slow Moving Cloud |
| 08/12/2018 | Peig Sayers: Comóradh 60 Bliain a Báis |








*I rith na bliana bhí 12 searmanas pósta san Ionad.



**Ag Ceiliúradh an Bhlascaoid**
Bob Ó Cathail, Úna Ní Shé, Cáit Ní Righin agus Nóirín Ní Chrualaoí-Uí Lúing



**Beauty Deas Eile**
Áthchóiriú á dhéanamh ar naomhóg an Ionaid ag Breadán Pháid Ó Muircheartaigh agus Seán Ó Duinnshléibhe faoi stiúir Eddie Hutch mar chuid do Sheachtain Náisiúnta Oidhreachta.



Tadhg Ó Síocháin, Amhlaoibh Ó Síocháin-Ó Beoláin, Muireann Nic Amhlaoibh agus Tríona Ní Shíocháin.



Ar dheis: Seán Ó Dónaill, Mícheál Ó Cinnéide agus Caitlín Uí Dhónaill



Siúlóid an Chéiliúrtha faoi stiúir Mhichil Uí Mainín